An Roinn Iompair
Department of Transport

---

**Fógra Príobháideachta um Chosaint Sonraí don Deontas Ceannaigh le haghaidh Feithiclí Tromshaothair a úsáideann Breoslaí Ionadúla (AFHDV)**

**Cuid A:**

Táimid lán tiomanta na sonraí pearsanta go léir a chuirtear faoi bhráid na Roinne a choinneáil slán sábháilte. Tá gach beart teicniúl riachtanach curtha i bhfeidhm chun sábháilteacht agus slándáil na gcóras a choinníonn do chuid sonraí a chinntiú.

Tá sé tábhachtach dúinn a bheith oscailte agus trédhearcach maidir leis an gcaoi a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta. Dá bhrí sin tá sé mar aidhm againn tú a choinneáil ar an eolas faoi na cuspóirí a n-úsáidfear do chuid sonraí pearsanta ina leith agus cén fáth; áiteanna eile a d'fhéadfaí iad a roinnt agus cén fáth; agus cén fhad a fhéadfaidh an Roinn do chuid sonraí a choinneáil.

**Rialaitheoir Sonraí agus Oifigeach Cosanta Sonraí**

Tá dhá Rialaitheoir sonraí ag an Roinn Iompair:

1. An Roinn Iompair
2. Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta Um Tiománaithe agus Feithiclí na Roinne

Tá a Ceanncheathrú ag an Roinn i Lána Líosain, Baile Átha Cliath D02 TR60. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ceaptha ag an Roinn chun teagmháil a dhéanamh leo má tá aon cheist nó imní ort maidir le beartais nó cleachtais sonraí pearsanta na Roinne. Is iad seo a leanas sonraí teagmhála OCS na Roinne:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Iompair
Lána Líosain
Baile Átha Cliath D02 TR60

00353 (85) 879 7044
dataprotection@transport.gov.ie

Téigh i dteagmháil leis an OCS le do thoil maidir le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat i dtaobh an ráiteas príobháideachta seo don Deontas Ceannaighle haghaidh Feithiclí Tromshaothair a úsáideann Breoslaí Ionadúla (AFHDV).

Ní úsáidfear sonraí pearsanta a phróiseálann an Roinn ach do na sainchuspóirí / na gcuspóirí ar leith mar a leagtar amach iad nuair a bhailítear na sonraí, nó i gcumarsáidí níos déanaí, agus ní úsáidfear iad ach de réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm.

**Cearta Ábhar Sonraí**

Nuair a sholáthraíonn tú sonraí pearsanta dúinn tá cearta áirithe ar fáil duit maidir leis na sonraí sin. Tugtar breac-chuntas ar na cearta seo thíos agus is féidir iad a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, mar atá mionsonraithe thuas, ag léiriú cén ceart ar mhaith leat a fheidhmiú:

- An ceart go gcuirfí ar an eolas tú
- An ceart rochtana
- An ceart chun ceartaithe
- An ceart chun scriosadh
- An ceart chun próiseáil a shrianadh
- An ceart chun iniomparthacht sonraí
- An ceart agóid a dhéanamh
- Cearta maidir le cinnteoireacht agus próifíliú uathoibrithe

Mar fhocal scoir, mar ábhar sonraí, má bhíonn tú míshásta leis an soláthar faisnéise atá san Fhógra seo, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, arb é Údarás Maoirseachta na hÉireann é maidir le cúrsaí cosanta sonraí.

**Cuid B: Faisnéis a bhaineann go sonrach leis na sonraí atá á mbailiú sa Scéim Deontais Ceannaigh le haghaidh Feithiclí Tromshaothair a úsáideann Breoslaí Ionadúla (AFHDV)**

Is faisnéis shonrach iad na sonraí seo a leanas maidir leis na sonraí pearsanta a phróiseáiltear do chuspóirí na Scéime seo.

**Cuspóir Sonrach:**

Mar mhaoinitheoir an deontais, **ní bheidh** baint dhíreach ag an Roinn le próiseáil iarratas agus faisnéise ó lá go lá, lena n-áirítear sonraí pearsanta, don Scéim. Is é Oibreoir na Scéime (Emovis) a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí seo thar ceann Transport Infrastructure Ireland (TII), a riarann an Scéim ar son na Roinne.

Is féidir le hiarratasóirí ar mian leo teagmháil a dhéanamh le TII maidir le próiseáil nó bailiú na sonraí seo ceisteanna a chur chuig Oifigeach Cosanta Sonraí TII tríd an bpost nó ag dataprotection@tii.ie. Is féidir Fógra Cosanta Sonraí ar leithligh TII a bhaineann leis an Scéim AFHDV a fháil ar shuíomh -gréasáin TII, ag an nasc seo: https://www.tii.ie/roads-tolling/tolling-information/afhdv-scheme/TII-Data-Protection-Notice-for-Alt-Fuel-Purchase-Scheme.pdf

Coinneoidh an Roinn rialachas agus maoirseacht ar an Scéim, áfach, a bhféadfadh gníomhaíochtaí iniúchta, réiteach díospóide agus próisis ghaolmhara eile a bheith i gceist léi. Is féidir le hiarratasóirí a bhfuil ceisteanna nó iarratais acu maidir le faisnéis a phróiseáil nó a

bhailiú chun na críocha seo teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne ag dataprotection@transport.gov.ie.

Faoin Scéim Deontais Ceannaigh AFHDV, éileoidh Oibreoir na Scéime (Emovis) thar ceann Transport Infrastructure Ireland (TII) ar Iarratasóirí faisnéis a sholáthar chun an Scéim a riar; aon dlíthe, oibleagáidí dlíthiúla agus rialála is infheidhme a chomhlíonadh; cosc a chur ar chionta a bhrath nó a imscrúdú; agus maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na Scéime.

**Bunús Dlíthiúil**

Is é an bunús dlí chun an fhaisnéis seo a bhailiú ná Airteagal 6.1.(e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR; Rialachán AE 2016/679), toisc go bhfuil an fhaisnéis a bhailítear riachtanach chun an Scéim a riaradh agus a rialú ar mhaithe le leas an phobail.

Bailítear faisnéis freisin de réir na bhForálacha Ginearálta agus le hAirteagal 12 de GBER (Rialachán an Choimisiúin (AE) 651/2014), a leagann amach conas is féidir cúnamh a sholáthraíonn an rialtas a dhámhachtain agus monatóireacht a dhéanamh air faoi GBER.

**Faighteoirí:**

Beidh rochtain iomlán ag TII (agus Emovis, a Oibreoir Scéime) ag gníomhú thar ceann na Roinne mar riarthóir na scéime ar aon sonraí pearsanta a phróiseáiltear faoin Scéim.

Laistigh den Roinn is é an tAonad um Athrú Aeráide an príomhfhaighteoir, atá freagrach as an Scéim. Féadfaidh líon teoranta Rannán eile laistigh den Roinn a bheith ina bhfaighteoirí sonraí pearsanta a bhaineann leis an Scéim nuair a mheastar go bhfuil siad oiriúnach agus riachtanach.

**Aistrithe lasmuigh den AE / LEE agus tíortha nach bhfuil comhaontú leordhóthanachta leo ***

Ní aistrítear an fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú san fhoirm seo lasmuigh den AE / LEE ná go tír nach bhfuil Comhaontú Leordhóthanachta aici leis an AE.

**Tréimhse Coinneála**

Ní shealbhóidh an Roinn na sonraí a bhaileofar chun na críche seo ach fad is gá gnó a dhéanamh de réir na gcuspóirí ar bailíodh na sonraí pearsanta ina leith agus i gcomhlíonadh oibleagáidí na Roinne faoin Acht um -Chartlann Náisiúnta, 1986.

I gcás an Deontais Ceannaigh AFHDV, tá an riachtanas gnó seo faoi réir fhorálacha an General Block Exemption Regulation (GBER, Airteagal 12), a éilíonn go gcoinneofar taifid ar feadh 10 (deich) mbliana ón dáta a bronnadh an cúnamh deontais deireanach faoin Scéim.

De réir na forála sin, aistreofar taifid a bhaineann leis an Scéim AFHDV ó Riarthóir na Scéime chuig an Roinn nuair a thiocfaidh deireadh leis an Scéim.

Táthar ag súil go gcoinneofar taifid lárnacha ón scéim ar feadh 30 bliain ón dáta a bronnadh an chabhair deontais deireanach, agus ansin go n-aistreofar iad chuig an gCartlann Náisiúnta.

Coinnítear gach gnáththaifead ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a bronnadh an chabhair deontais deireanach agus scriosfar iad faoi réir cead a fuarthas faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 A. 7.

**Cinnteoireacht Uathoibrithe**

Níl cinnteoireacht uathoibrithe mar cuid de phróiseáil na sonraí pearsanta atá san áireamh sa Scéim.

De réir riachtanas na Roinne maoirseacht a dhéanamh ar an Scéim, i gcás fiosrúcháin nó díospóide, féadfaidh TII do chuid sonraí pearsanta a sholáthar don Roinn.

Féadfaidh an Roinn an fhaisnéis phearsanta atá aici maidir leis an Scéim a roinnt le húdaráis phoiblí eile agus le comhlachtaí mar an Garda Síochána nó údaráis forfheidhmithe dlí eile, nuair atá sé riachtanach nó ceadaithe de réir dlí, chun coireacht a chosc, a imscrúdú nó a bhrath.

I gcás nár bhailigh an Roinn seo do chuid sonraí pearsanta, tá tú fós i dteideal do chearta a fheidhmiú maidir leis na sonraí pearsanta atá ag an Roinn. Téigh i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dataprotection@transport.gov.ie más mian leat do chearta a fheidhmiú ina leith seo.

**Faisnéis Theicniúil ar na sonraí a bhailítear**

Tá faisnéis theicniúil faoi na fianáin a úsáidtear ar ár suíomh Gréasáin ar fáil ar https://www.gov.ie/en/publication/fdde77-data-protection/